Ag siúl faoin tuath

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi dhaoine a théann ag siúl faoin tuath. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

úinéirí talún	lucht siúlóide	turasóirí
bealaí siúlóide	thar lear	na figiúirí is déanaí

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cé mhéad turasóirí a tháinig go hÉirinn i 2004 chun siúlóidí a dhéanamh?
2. Cé mhéad airgid a chaith siad?
3. Cad a gheobhaidh na feirmeoirí a chuireann bealaí siúlóide ar fáil?
4. An maith leis an bhfeirmeoir Dónall Ó Loingsigh lucht siúlóide?
5. Sna figiúirí a thug *Fáilte Ireland* inniu, cé mhéad turasóirí a tháinig go hÉirinn i mbliana?

Ceist 3 Féach ar na habairtí thíos:

'*Thóg* na daoine na caoirigh agus *chuir* siad isteach sa bpáirc iad.'
'*Dhún* siad an geata.'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Nuair a bhí Máire ar saoire, _____ sí bronntanais do na páistí. (ceannaigh)
2. Bhí an doras oscailte agus _____ an múinteoir isteach. (siúil)
3. Thit an buidéal ar an urlár agus _____ sé. (bris)
4. Nuair a bhí an cóisir thart, _____ Máire an seomra. (glan)
5. _____ Seán an obair go luath agus chuaigh sé abhaile. (críochnaigh)

Ceist 4 Féach ar na habairtí thíos:

An tseachtain seo, tá socrú déanta leis na feirmeoirí chun bealaí siúlóide a chur ar fáil.
Bíonn *an siopa* ar oscailt gach lá óna naoi go dtí a cúig.

Cén fáth go bhfuil 't' roimh 'seachtain? Cén fáth nach bhfuil 't' roimh 'siopa'?

An féidir leat na bearnaí thíos a líonadh? Tá cúpla ceann déanta duit.

1	seachtain	an tseachtain
2	siopa	an siopa
3	seirbhís	
4	seomra	
5	seans	
6	sláinte	
7	siúlóid	
8	súil	
9	samhradh	
10	salann	

Ceist 5 Chuir na daoine a bhí ag siúl *cúpla caora* agus *roinnt beithígh* ar ais isteach sa pháirc.

Bíonn an uimhir uatha tar éis 'cúpla' (cúpla duine) agus an uimhir iolra tar éis 'roinnt' (roinnt daoine).

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Uaireanta beidh ort na focail idir lúibíní a athrú.

1. Gach lá bíonn roinnt _____ as láthair ón scoil. (dalta)

2. Níl an obair críochnaithe ag Máire. Tá cúpla _____ fós le déanamh. (rud)

3. Bíonn roinnt _____ suimiúil agus bíonn roinnt eile leadránach. (rang)

4. Fuair Pádraig cúpla _____ deas ar a lá breithe. (bronntanas)

5. D'ól Ciara cupán tae agus d'ith sí cúpla _____. (briosca)

6. Tá roinnt _____ nua san ionad siopadóireachta. (siopa)

Ceist 6 An dtéann tú ag siúl faoin tuath? An gceapann tú gur cheart íocaíocht a thabhairt do fheirmeoirí chun an talamh a oscailt do lucht siúlóide? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

úinéirí talún - *landowners*
lucht siúlóide - *walkers*
turasóirí - *tourists*
bealaí siúlóide – *walking routes*
thar lear - *abroad*
na figiúirí is déanaí – *the latest figures*

Ceist 2
1. Tháinig os cionn ceathrú milliún turasóirí go hÉirinn i 2004 chun siúlóidí a dhéanamh.
2. Chaith siad 170 milliún euro.
3. Gheobhaidh siad íocaíocht bhliantúil ón rialtas.
4. Is maith. Is siúlóidí é féin. Deir sé go gcuireann lucht siúlóide ainmhithe a d'imigh ar strae ar ais sna páirceanna. Deir sé go gcoimeádann lucht siúlóide súil ar rudaí.
5. 8 milliún.

Ceist 3
1. cheannaigh
2. shiúil
3. bhris
4. ghlan
5. chríochnaigh

Ceist 4
Sa tuiseal ainmneach cuirtear 't' roimh ainmfhocail bhaininscneacha a thosnaíonn le 's'.

1	seachtain	an tseachtain
2	siopa	an siopa
3	seirbhís	an tseirbhís
4	seomra	an seomra
5	seans	an seans
6	sláinte	an tsláinte
7	siúlóid	an tsiúlóid
8	súil	an tsúil
9	samhradh	an samhradh
10	salann	an salann

Ceist 5
1. roinnt daltaí
2. cúpla rud
3. roinnt ranganna
4. cúpla bronntanas
5. cúpla briosca
6. roinnt siopaí

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá Cumann na bhFeirmeoirí ar tí socrú a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta thar ceann úinéirí talún a ligfidh do lucht siúlóide dul thairis[1] a gcuid talún. Táthar ag súil comhréiteach faoi scéim náisiúnta bealaí siúlóide a bheith déanta roimis[2] an Nollaig, scéim a bheidh i bhfeidhm in am don séasúr turasóireachta 2007. Tá an scéal ar fad ag Grett O'Connor.

Grett O'Connor

Tháinig os cionn ceathrú milliún turasóirí go hÉirinn i 2004 chun siúlóidí a dhéanamh agus do chaitheadar 170 milliún euro. Go dtí seo bhí fadhbanna anseo is ansiúd le húinéirí talún nach raibh sásta siúlóidithe a scaoileadh isteach. Ach an tseachtain seo, tá Cumann na bhFeirmeoirí ar tí socrú a dhéanamh leis an Roinn Gnóthaí Tuaithe chun íocaíocht bhliantúil a fháil do fheirmeoirí a chuireann bealaí siúlóide isteach agus a bhíonn sásta caoi a choimeád orthu. Is siúlóidí agus feirmeoir é Dónall Ó Loingsigh.

Dónall Ó Loingsigh

Lá amháin bhíos ag siúl le grúpa ó Mháigh Cromtha agus fuaireamar cúpla caora a bhí sáite isteach i bpoll agus thóg na daoine a bhí ag siúl amach na caoirigh agus chuir siad isteach sa bpáirc iad. Lá eile bhí roinnt beithígh buailte amach ar an mbóthar[3] agus chuir na daoine a bhí ag siúl isteach sa bpáirc iad arís agus dhún siad an geata agus is féidir liom a rá go gcoimeádann na siúlóidithe aghaidh ar na rudaí mar sin.

Grett O'Connor

Socraíonn *Go Ireland Activity Holidays* pacáistí saoire do shiúlóidithe ó thíortha eile. Deir siad go ndéanfaidh an scéim bealaí siúlóide an-difríocht d'ainm na tíre seo thar lear. Ba chúis buartha i gcónaí é go dtí seo do chumainn a thagadh anseo nach n-éireodh leo cead d'fháil dul ag siúl ins na háiteanna ar mhaith leo.

Inniu foilsíodh na figiúirí is déanaí ó *Fáilte Ireland* a léiríonn gur tháinig 8 milliún turasóirí anseo i mbliana, méadú 8% ar an mbliain seo caite. Tá lucht an tionscail anseo ó dheas ag súil go gcabhróidh an scéim nua bealaí siúlóide chun níos mó turasóirí ná riamh cheana a mhealladh go dtí an tír seo.

Grett O'Connor, Nuacht TG4 i gCill Áirne

[1] *thar a gcuid talún* a deirtear sa Chaighdeán Oifigiúil
[2] *roimh an Nollaig* a deirtear sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *ar an bóthar* a deirtear sa mhír